

CAILÍN A BHÍODH A GUIDHE AR SON NA MARBH.

Cailín aimsire a bhí ag sagart, Máire. Ní ghabhadh sí a chodladh san oidhche gan paidir a chur le hanam na marbh. Ní eireochadh sí ar maidin gan paidir a chur le hanam na marbh uilig, bhí sí a tabhairt is ó n-oiread le chéile uilig dóibh.

Aon oidhche amháin chuaidh an sagart ag an teach pobuil. Nuair a bhain sé an glas don teach pobuil agus nuair a d'fhosgail sé an doras ní raibh aon áit ón doras go dtí an áltóir nach raibh daoine ar a nglunaibh le cúl a chéile a'guidhe.

"Céard tá sibh a dhéanamh annsin?" adeir an sagart. "Tá muid a guidhe ar son Mháire," adeir duine aca. "Cé hí Máire?" adeir an sagart.

"Do chailín" adeir sé seo a bhí a cainnt. Tá sí le bás fhágháil anocht ar a dó dhéag.

Tá sí ariamh a guidhe ar son na marbh agus támuid a guidhe ar a son anocht. Ta muid lán tighe again ag guidhe dí. Tá na mairbh uilig ag guidhe anocht dí." Dubhairt sé leis an sagart dul abhaile agus an ola a chur uirthé. Chuaidh an sagart abhaile ar ais. Nuair a tháinig sé isteach bhí Máire roimhe a déanamh groithe.

"A Mháire" adeir an sagart, "nigh thú féin is cuir éadach glan ort is sín ar an leaba go gcuirfidh mé an ola ort. Tá tú le bás fhágháil ag an dó dhéag anocht." Dubhairt sí leis gan bheith a magadh.

"Ní magadh ar bith é," adeir an sagart, "tá na mairbh uilig ag guidhe dhuit anocht is chuile áit."

Chuaidh Máire annsin agus nigh sí agus ghlan sí í féin is shin sí ar an leaba. Rinne sí faoistin agus chuir an sagart an ola uirthé. Ní raibh ann ach go raibh an ola uirthé, nuair a bhí sí caillte. Is maith iad na paidreacha is na h-urnaidthe.

4-1-1932.